2025/2118

22.10.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2118 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Deireadh Fómhair 2025

lena n-ath-fhorchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí breac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce tar éis an bhreithiúnais ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh i gcás T-122/23

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach ([1]) iad, agus go háirithe Airteagail 15 agus 24(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/309 ón gCoimisiún ([2]), d'fhorchuir An Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí breac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce ('an t-imscrúdú bunaidh').

(2) An 4 Meitheamh 2018, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach maidir le gach táirgeoir onnmhairiúcháin a fhóirdheonú i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ('an bun-Rialachán'), bheartaigh an Coimisiún na bearta a choinneáil ar bun mar a suíodh iad san imscrúdú bunaidh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/823 ón gCoimisiún ([4]).

(3) An 15 Bealtaine 2020, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach i gcomhréir le hAirteagal 19 den bhun-Rialachán, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/658 ón gCoimisiún ([5]), leasaigh an Coimisiún leibhéal na dleachta frithchúitimh i gcás táirgeora onnmhairiúcháin amháin.

(4) An 25 Bealtaine 2021, tar éis athbhreithniú éaga i gcomhréir le hAirteagal 18 den bhun-Rialachán, na bearta arna leagadh síos san imscrúdú bunaidh (agus arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/658 ón gCoimisiún), chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile leis na bearta sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ón gCoimisiún ([6]).

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/309 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí de bhreac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce (IO L 56, 27.2.2015, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/309/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/823 ón gCoimisiún an 4 Meitheamh 2018 lena bhfoirceanntar an t-athbhreithniú eatramhach páirteach ar na bearta frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí de bhreac dea-dhathach áirithe de thionscnamh Phoblacht na Tuirce (IO L 139, 5.6.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/823/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/658 ón gCoimisiún an 15 Bealtaine 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/309 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach ar allmhairí de bhreac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce tar éis athbhreithniú eatramhach a dhéanamh de bhun Airteagal 19(4) de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 155, 18.5.2020, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/658/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí de bhreac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce tar éis athbhreithniú éaga a dhéanamh de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 183, 25.5.2021, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/823/oj).

(5) An 8 Nollaig 2022, tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach d'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2390 ([7]) ón gCoimisiún ('an Rialachán atá faoi chonspóid') lena leasaítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach arna forchur ar allmhairí breac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 ('an Rialachán atá faoi chonspóid').

1.2. **Breithiúnas ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh**

(6) An 6 Márta 2023, thug Ege İhracatçıları Birliği (Comhlachas Onnmhaireoirí Aeigéacha), Akdeniz İhracatçıları Birliği (Comhlachas Onnmhaireoirí na Meánmhara), İstanbul İhracatçıları Birliği (Comhlachas Onnmhaireoirí Iostanbúl), Doğu Karadeniz İhracatçıları Birliği (Comhlachas Onnmhaireoirí na Mara Duibhe Thoir), agus Denizli İhracatçıları Birliği (Comhlachas Onnmhaireoirí Denizli) caingean le haghaidh neamhniú os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Ghinearálta') i gcomhpháirt lena gcomhaltaí ('na hiarratasóirí'), caingean lena ndearnadh agóid i gcoinne dhlíthiúlacht an rialacháin atá faoi chonspóid.

(7) An 5 Feabhra 2025, d'eisigh an Chúirt Ghinearálta a breithiúnas i gcás T-122/23 ([8]) *Ege İhracatçıları Birliği agus eile v an Coimisiún*, lenar cuireadh an Rialachán atá faoi chonspóid ar neamhní go páirteach, a mhéid a bhain sé leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin Gümüşdoga Su Ürünleri Üretim Ihracat Ithalat AŞ ('Gümüşdoğa') agus na hiarratasóirí eile, cé is moite de Özpekler İnşaat Taahüt Dayanıklı Tüketim Malları Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret Ltd Şirketi agus Selina Balık İşleme Tesisi İthalat İhraclıt Ticaret AŞ ('an Breithiúnas').

(8) D'ardaigh na hiarratasóirí roinnt maíomh i gcoinne an Rialacháin atá faoi chonspóid a rinne difear do mhéideanna an tsochair a fuarthas. Rialaigh an Chúirt Ghinearálta ina bhfabhar maidir le dhá mhaíomh mar gur chinn sí go raibh dhá earráid measúnaithe déanta ag an gCoimisiún a dhéanann difear do mhéideanna an tsochair a aimsítear, is é sin an sochar a fhaightear mar 'Scéim um Thacaíocht do Thaispeántais' agus an sochar a fhaightear mar 'Thacaíocht na hEagraíochta Onnmhaireoirí Aeigéacha'.

(9) Ar an gcéad dul síos, chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh earráid fhollasach measúnaithe déanta ag an gCoimisiún agus an sochar a fuair Gümüşdoğa faoin 'Scéim um Thacaíocht do Thaispeántais' á leithdháileadh ar an táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(10) Bhunaigh an Chúirt Ghinearálta go raibh baint ag an tacaíocht a fuair Gümüşdoğa faoin scéim sin lena rannpháirtíocht in aonach trádála idirnáisiúnta a eagraíodh i mBostún (Stáit Aontaithe Mheiriceá) idir 17 agus 19 Márta 2019 agus nach raibh aon rud sa chomhad chun a chinneadh go raibh baint ag an tacaíocht freisin leis an táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach le linn an imscrúdaithe. Dá bhrí sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nár chosúil go raibh bunús leis an gcur chuige a lean an Coimisiún sa Rialachán atá faoi chonspóid.

(11) Thug an Chúirt Ghinearálta dá haire freisin gur faoin gCoimisiún a bhí sé a léiriú, ar bhonn fianaise nó ar a laghad comharthaí, d'ainneoin go raibh baint ag an tacaíocht sin le rannpháirtíocht Gümüşdoğa in aonach trádála idirnáisiúnta a eagraíodh i mBostún, go ndeachaigh an tacaíocht chun tairbhe d'onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse imscrúdúcháin lena mbaineann.

(12) Ar an dara dul síos, rialaigh an Chúirt Ghinearálta go raibh earráid fhollasach measúnaithe déanta ag an gCoimisiún agus an sochar a fuair Gümüşdoğa i leith 'tacaíocht don Chomhlachas Onnmhaireoirí Aeigéacha' á chur i leith an táirge lena mbaineann a onnmhairíodh chuig an Aontas Eorpach le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(13) Chinn an Chúirt Ghinearálta go raibh baint ag an sochar ón gComhlachas Onnmhaireoirí Aeigéacha le tacaíocht i leith an aeriompair agus, le linn na tréimhse imscrúdúcháin lena mbaineann, go ndearna Gümüşdoğa onnmhairí an táirge lena mbaineann chuig an Aontas Eorpach le hiompar ar bóthar seachas aeriompar.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2390 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2022 lena leasaítear an dleacht frithchúitimh chinntitheach arna forchur ar allmhairí breac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/823 tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 8.12.2022, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/2390/oj).

([8]) ECLI:EU:T:2025:133.

(14) Faoi na himthosca sin, chinn an Chúirt Ghinearálta nár chosúil go raibh bunús leis an gcur chuige a lean an Coimisiún, ar chur chuige é inar leithdháileadh an sochar a fuarthas faoin scéim sin do láimhdeachas onnmhairiúcháin iomlán an ghrúpa le linn na tréimhse ábhartha agus a cuireadh i leith an táirge lena mbaineann.

(15) Níor chuir an Chúirt Ghinearálta na bearta ar neamhní i leith dhá cheann de na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, Özpekler İnşaat Taahhüt Dayanıklı Tüketim Malları Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret Ltd Şirketi agus Selina Balık İşleme Tesisi İthalat İhracat Ticaret AŞ, ós rud é nach raibh spéis acu imeachtaí a thionscnamh.

1.3. **Cur chun feidhme Bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta**

(16) Le hAirteagal 266 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') foráiltear nach mór do na hInstitiúidí na bearta is gá a dhéanamh chun na breithiúnais a chomhlíonadh. I gcás ina ndéantar gníomh arna ghlacadh ag institiúidí an Aontais a neamhniú i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin, amhail an t-imscrúdú frith-fhóirdheontais sa chás seo, is éard atá i gceist le comhlíonadh bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta gníomh nua a chur in ionad an ghnímh neamhnithe, lena gcuirtear deireadh leis an neamhdhleathacht a shainaithin an Chúirt Ghinearálta ([9]).

(17) De réir chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ('an Chúirt Bhreithiúnais'), féadfar an nós imeachta maidir le hionadú an ghnímh neamhnithe a atosú ag an bpointe ar tharla an neamhdhleathacht ([10]). Tugann sin le tuiscint, go háirithe, i gcás ina ndéantar gníomh lena gcuirtear nós imeachta riaracháin i gcrích a neamhniú, nach gá go ndéanfadh an neamhniú difear do na gníomhartha ullmhúcháin, amhail tionscnamh an nós imeachta frith-fhóirdheontais.

(18) I gcás ina gcuirtear, mar shampla, Rialachán lena bhforchuirtear bearta frith-fhóirdheontais cinntitheacha ar neamhní, ciallaíonn sé sin go bhfuil an t-imeacht frith-fhóirdheontais fós oscailte, toisc gur imigh an gníomh lena dtugtar an t-imeacht i gcrích ó dhlíchóras an Aontais ([11]), ach amháin más ag céim an tionscnaimh a tharla an neamhdhleathacht. Má dhéantar an nós imeachta a atosú agus na dleachtanna a ath-fhorchur ar deireadh, ní féidir a mheas go bhfuil sé sin contrártha don riail maidir le neamh-aisghníomhaíocht ([12]).

(19) Sa chás sin, chuir an Chúirt Ghinearálta an Rialachán atá faoi chonspóid ar neamhní a mhéid a bhaineann leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin lena mbaineann ar an bhforas go ndearna an Coimisiún an sochar a fuair táirgeoir onnmhairiúcháin amháin ó dhá scéim fóirdheontais a leithdháileadh go mícheart.

(20) Maidir le cinntí agus conclúidí sa Rialachán atá faoi chonspóid nár cuireadh ina gcoinne, nó ar cuireadh ina gcoinne ach nár scrúdaigh an Chúirt Ghinearálta iad, tá siad bailí i gcónaí agus ní bhaineann an athoscailt sin leo ([13]).

(21) I bhfianaise bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta, chinn an Coimisiún an t-imscrúdú as ar eascair an Rialachán atá faoi chonspóid a athoscailt agus an t-imscrúdú a atosú ag an bpointe inar tharla an neamhdhleathacht.

(22) Tar éis an Bhreithiúnais, an 15 Aibreán 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún Fógra ([14]) ('an Fógra um athoscailt'), lenar athosclaíodh an t-imscrúdú ach atá teoranta ó thaobh raon feidhme de do chur chun feidhme bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta.

([9]) Cásanna uamtha 97, 193, 99 agus 215/86 Asteris AE agus eile agus An Phoblacht Heilléanach v An Coimisiún [1988] ECR 2181, míreanna 27 agus 28.

([10]) Cás C-415/96 An Spáinn v an Coimisiún [1998] ECR I-6993, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle [2000] I-8147, míreanna 80 go 85; Cás T-301/01 Alitalia v an Coimisiún [2008] II-1753, míreanna 99 agus 142; Cásanna Uamtha T-267/08 agus T-279/08 Région Nord-Pas de Calais v an Coimisiún [2011] II-0000, mír 83.

([11]) Cás C-415/96 An Spáinn v an Coimisiún [1998] ECR I-6993, mír 31; Cás C-458/98 P Industrie des Poudres Sphériques v an Chomhairle [2000] I-8147, míreanna 80 go 85.

([12]) Cás C-256/16 Deichmann SE v Hauptzollamt Duisburg, Breithiúnas na Cúirte an 15 Márta 2018, mír 79 agus C & J Clark International Ltd v Coimisinéirí Ioncaim agus Custam na Banríona, breithiúnas an 19 Meitheamh 2019, mír 5.

([13]) Cás T-650/17, Jinan Meide Casting Co., Ltd, EU:T:2019:644, míreanna 333–342.

([14]) IO C, C/2025/2264/, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2264/oj.

(23) D'fhoilsigh an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/719 ([15]) ('an Rialachán maidir le clárú') freisin lena gcuirtear allmhairí breac dea-dhathach áirithe faoi réir a gcláraithe agus thug sé treoir do na húdaráis chustaim náisiúnta fanacht le foilsiú an Rialacháin Cur Chun Feidhme ábhartha ón gCoimisiún lena n-ath-fhorchuirtear na dleachtanna sula ndéanfar cinneadh maidir le haon éileamh ar aisíocaíocht agus loghadh dleachtanna frithchúitimh maidir leis na hallmhairí sin.

(24) Chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas i dtaobh na hathoscailte agus d'iarr sé orthu a mbarúil a thabhairt. Fuarthas barúil amháin ó Eagraíocht Dobharshaothraithe na Danmhairge lenar tacaíodh le dleachtanna frithchúitimh a fhorchur ar allmhairí breac dea-dhathach áirithe ón Tuirc. Níor thug siad aon bharúil, áfach, maidir le breithiúnas na Cúirte Ginearálta.

(25) Níor iarr aon pháirtí leasmhar idirghabháil an Oifigigh Éisteachta in imeachtaí trádála.

1.4. **Céimeanna nós imeachta chun an breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta a chur chun feidhme**

(26) Chinn an Chúirt Ghinearálta nár leithdháil an Coimisiún an sochar a fuair Gümüşdoğa i gceart ó dhá scéim fóirdheontais le linn na tréimhse imscrúdaithe.

(27) I gcás an dá scéim, bhí an tairbhe leithdháilte ag an gCoimisiún ar láimhdeachas onnmhairiúcháin. Mar sin féin, d'easaontaigh an Chúirt Ghinearálta leis an leithdháileadh sin agus leag sí amach a cúiseanna sa Bhreithiúnas.

(28) Thug an Coimisiún dá aire nár chuir an Chúirt Ghinearálta in aghaidh chinntí an Choimisiúin go raibh an dá scéim in-fhrithchúitithe agus go bhfuarthas sochar, agus dá bhrí sin chun an Breithiúnas a chur chun feidhme, d'fhéadfadh sé gur ghá an leithdháileadh a bhunú ar bhealach éagsúil.

(29) Sonraítear i gcásdlí EDT maidir leis an airgead as a n-eascraíonn fóirdheontais in-fhrithchúitithe a fhaigheann táirgeoirí onnmhairiúcháin, go bhfuil sé idirmhalartach ([16]) agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé tairbhe a bhaint as táirgeadh agus/nó onnmhairí an táirge lena mbaineann. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh an Coimisiún, ar a laghad ar fad, méid an tsochair atá in-fhrithchúitithe a leithdháileadh ar láimhdeachas iomlán an táirgeora onnmhairiúcháin.

(30) Thug an Coimisiún dá aire, áfach, mar gheall ar na méideanna an-bheag a fuair Gümüşdoğa mar shochar don 'Scéim um Thacaíocht do Thaispeántais' agus don scéim 'Thacaíocht na hEagraíochta Onnmhaireoirí Aeigéacha' araon, go ndéanfaí an dleachtráta le haghaidh Gümüşdoğa a choigeartú go 4,2 %, gan beann ar cibé acu a leithdháileadh na fóirdheontais sin ar an táirge lena mbaineann nó nár cuireadh san áireamh ar chor ar bith.

(31) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún gan an dá scéim atá i gceist a fhrithchúiteamh. Mar thoradh air sin, tháinig laghdú ar mhéid iomlán an fhóirdheonaithe a fuarthas ó 4,4 % go 4,2 %.

(32) Ós rud é gur chuid den shampla é Gümüşdoğa, rinne a ríomhanna fóirdheontais difear don mheándleacht an tsampla is infheidhme maidir leis na cuideachtaí seo a leanas a ndéanann an breithiúnas difear dóibh, is iad sin Abalıoğlu Balık ve Gıda Ürünleri A.Ş., Bağcı Balık Gıda ve Enerji Üretimi Sanayi ve Ticaret A.Ş., Ertuğ Balık Üretim Tesisi Gıda ve Tarım İşletmeleri Sanayi ve Ticaret A.Ş., Kemal Balıkçılık İhracat LTD. ŞTİ., Kılıç Deniz Ürünleri Üretimi İhracat ve İthalat A.Ş., Liman Entegre Balıkçılık San ve Tic. Ltd. Şti, More Su Ürünleri Ticaret A.Ş., Ömer Yavuz Balıkçılık Su Ürünleri San. Tic. Ltd. Şti, Premier Kültür Balıkçılığı Yatırım ve Paz. A.Ş., Uluturhan Balıkçılık Turizm Ticaret Limited Şirketi, agus Yavuzlar Otomotiv Balıkçılık San. Tic. Ltd. Şti. Athbhreithníodh a ráta dleachta frithchúitimh ó 4,0 % go 3,8 %.

(33) Ós rud é gur socraíodh an dleacht ar fud na tíre ar leibhéal Gümüşdoğa, a fuair an dleacht aonair ab airde ar na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, rinne na ríomhanna fóirdheontais athbhreithnithe difear freisin don dleacht le haghaidh cuideachta amháin a ndéanann an breithiúnas difear di freisin, a fuair dleacht frithchúitimh ar fud na tíre, is é sin Kuzuoğlu Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret A.Ş.. Rinneadh athbhreithniú ar a ráta dleachta frithchúitimh ó 4,4 % go 4,2 %.

([15]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/719 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2025 lena gcuirtear allmhairí breac dea-dhathach áirithe de thionscnamh na Tuirce faoi réir a gcláraithe tar éis athoscailt an imscrúdaithe chun go gcuirfear chun feidhme breithiúnas an 5 Feabhra 2025 i gcás T-122/23 maidir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2390 ón gCoimisiún (IO L, 2025/719, 15.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/719/oj.

([16]) 'ar féidir iad a ionadú in ionad a chéile' (www.oed.com). Féach sa chiall sin, mar shampla, WT/DS267/R, Na Stáit Aontaithe - Fóirdheontais ar Chadás Clúmhach, mír 7.644.

(34) Nochtadh na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha ar ar a mbonn a bhí na dleachtanna le hathbhreithniú do Gümüşdoğa agus do pháirtithe leasmhara eile an 26 Meitheamh 2025 agus tugadh tréimhse dóibh inar féidir leo barúil a thabhairt maidir leis an nochtadh.

1.5. **Barúlacha maidir le nochtadh**

(35) Fuair an Coimisiún barúlacha maidir leis an nochtadh ón onnmhaireoir Uluturhan Balıkçılık Turizm Ticaret Limited Şirketi. Mar sin féin, níor bhain na barúlacha sin (a bhaineann le méid an fhóirdheonaithe don chuideachta sin) le raon feidhme athoscailt an imscrúdaithe.

(36) Fuair an Coimisiún barúlacha freisin ón onnmhaireoir Kuzuoğlu Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret A.Ş. ('Kuzuoğlu') ar tugadh tuairisc ar a chás in aithris (33) mar chuideachta atá faoi réir na dleachta ar fud na tíre.

(37) Ina bharúlacha, chuir Kuzuoğlu an Coimisiún ar an eolas gur foilsíodh fógra in Iris na Clárlainne Trádála an 12 Eanáir 2022 chun ainm na cuideachta Lazsom Su Urunleri Gida Uretim Pazarlama Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi a athrú go Kuzuoğlu Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret A.Ş. agus d'iarr sé ar an gCoimisiún athmhachnamh a dhéanamh ar an dleacht is infheidhme maidir le Kuzuoğlu mar a nochtadh.

(38) Seoladh ceistneoir chuig Kuzuoğlu an 8 Iúil 2025 chun a dheimhniú an raibh údar le hathrú ainm ó Lazsom Su. Ní bhfuarthas aon fhreagra.

(39) Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh ar athrú ainm.

2. **BEARTA FRITHCHÚITIMH CINNTITHEACHA**

(40) Tá feidhm ag leibhéal na dleachta frithchúitimh atá ann mar thoradh ar an imscrúdú seo, gan aon bhriseadh ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin atá faoi chonspóid (is é sin, ón 9 Nollaig 2022 ar aghaidh). Tugtar treoir d'údaráis chustaim an méid iomchuí a bhailiú maidir le hallmhairí agus aon mhéid iomarcach a bailíodh go dtí seo a aisíoc i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

(41) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([17]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuireann an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

(42) Tá na bearta dá bhforáiltear sa rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste arna bhunú le hAirteagal 25(1) den Rialachán (AE) 2016/1036,

([17]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí de bhreac dea-dhathach (Oncorhynchus mykiss):

— meáchan 1,2 kg nó faoina bhun ag gach ceann acu agus iad beo, nó

— iad úr, fuaraithe, reoite agus/nó deataithe:

  — i bhfoirm iasc iomlán (agus a gceann orthu), bíodh na geolbhaigh bainte díobh nó ná bíodh, bídís glanta nó ná bíodh, meáchan 1,2 kg nó faoina bhun ag gach ceann acu, nó

  — agus an ceann bainte, bíodh na geolbhaigh bainte díobh nó ná bíodh, bíodh sé glanta nó ná bíodh, de mheáchan 1 kg nó faoina bhun an ceann, nó

  — i bhfoirm filléad de mheáchan 400 g nó faoina bhun an ceann,

atá faoi láthair faoi chóid AC ex 0301 91 90, ex 0302 11 80, ex 0303 14 90, ex 0304 42 90, ex 0304 82 90, ex 0305 43 00 agus ex 1604 19 10 (cóid TARIC 0301 91 90 11, 0302 11 80 11, 0303 14 90 11, 0304 42 90 10, 0304 82 90 10, 0305 43 00 11 agus 1604 19 10 11), ar de thionscnamh na Tuirce iad agus arna monarú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin a liostaítear i mír (2).

2. Is é seo a leanas na rátaí maidir leis an dleacht frithchúitimh chinntitheach is infheidhme maidir leis an nglanphraghas saor ag teorainn an Aontais roimh dhleacht, i gcás an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus a tháirgeann na cuideachtaí a liostaítear thíos, ón 9 Nollaig 2022 ar aghaidh.

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh	Cód breise TARIC
Fishark Su Ürünleri Üretim ve Sanayi Ticaret A.Ş.	3,4 %	B985
Gümüşdoga Su Ürünleri Üretim Ihracat Ithalat AŞ	4,2 %	B964
Özpekler İnşaat Taahhüd Dayanıklı Tüketim Malları Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret Limited Şirketi	3,1 %	B966
Selina Balık İşleme Tesisi İthalat İhracat Ticaret Anonim Şirketi	2,8 %	C889
Abalıoğlu Balık ve Gıda Ürünleri A.Ş.	3,8 %	B968
Bağcı Balık Gıda ve Enerji Üretimi Sanayi ve Ticaret A.Ş.	3,8 %	B977
Ertuğ Balık Üretim Tesisi Gıda ve Tarım İşletmeleri Sanayi ve Ticaret A.Ş. agus More Su Ürünleri Ticaret A.Ş.	3,8 %	C891
Kemal Balıkçılık İhracat Ltd. ŞTİ.	3,8 %	B981
Kılıç Deniz Ürünleri Üretimi İhracat ve İthalat A.Ş.	3,8 %	B965
Liman Entegre Balıkçılık San. Ve Tic. Ltd. Şti	3,8 %	B982
Ömer Yavuz Balıkçılık Su Ürünleri San. Tic. Ltd. Şti	3,8 %	B984
Premier Kültür Balıkçılığı Yatırım ve Paz. A.Ş.	3,8 %	C893
Uluturhan Balıkçılık Turizm Ticaret Limited Şirketi	3,8 %	C894
Yavuzlar Otomotiv Balıkçılık San. Tic. Ltd. Şti	3,8 %	C895
Alima Su Ürünleri ve Gıda Sanayi Ticaret A.Ş.	4,0 %	B974
Baypa Bayhan Su Urunleri San. Ve Tic. A.S.	4,0 %	C890
Lazsom Su Urunleri Gida Uretim Pazarlama Sanayi Ve Ticaret Limited Sirketi	4,0 %	C892

Cuideachta	Dleacht frithchúitimh	Cód breise TARIC
Kuzuoğlu Su Ürünleri Sanayi ve Ticaret A.Ş.	4,2 %	89MI
Gach allmhaire eile de thionscnamh na Tuirce	4,4 %	B999

Airteagal 2

Aon dleacht frithdhumpála frithchúitimh arna híoc i gcomhréir le hAirteagal 1(2) de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2390 sa bhreis ar an dleacht frithchúitimh chinntitheach a leagtar síos in Airteagal 1, déanfar í a aisíoc nó a loghadh.

Ba cheart an aisíocaíocht nó an loghadh a iarraidh ó na húdaráis chustaim náisiúnta i gcomhréir leis an reachtaíocht chustaim is infheidhme.

Airteagal 3

An dleacht frithchúitimh chinntitheach arna forchur le hAirteagal 1, baileofar í freisin ar allmhairí arna gclárú i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/719 lena gcuirtear allmhairí faoi réir a gcláraithe.

Ordaítear do na húdaráis chustaim scor de chlárú na n-allmhairí a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/719, ar clárú é a aisghairtear leis seo.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN